C/2026/2645

8.5.2026

Tuarascáil Chríochnaitheach an Oifigigh Éisteachta [1]

Cás M.11956 — UMG / DOWNTOWN

(C/2026/2645)

1. An 16 Meitheamh 2025, tar éis tarchur de bhun Airteagal 22 den Rialachán um Chumaisc [2], fuair an Coimisiún fógra maidir le hidirbheart atá beartaithe de bhun Airteagal 4 den Rialachán um Chumaisc trína bhfuil sé beartaithe ag Universal Music Group N.V. ('an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige') rialú aonair a fháil, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Downtown Music Holdings LLC ina iomláine ('na Páirtithe' le chéile).

2. An 22 Iúil 2025, ghlac an Coimisiún cinneadh lena dtionscnaítear imeachtaí de bhun Airteagal 6(1)(c) den Rialachán um Chumaisc agus chinn sé gur ardaíodh ábhair amhrais thromchúiseacha leis an idirbheart atá beartaithe maidir lena chomhoiriúnacht don mhargadh inmheánach agus le feidhmiú Chomhaontú LEE. An 20 Lúnasa 2025, chuir an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige barúlacha i scríbhinn isteach maidir le cinneadh Airteagal 6(1)(c).

3. An 24 Iúil 2025, cuireadh síneadh 10 lá oibre leis an sprioc-am i gcomhréir le hAirteagal 10(3), an dara fomhír, an chéad abairt den Rialachán um Chumaisc.

4. An 3 Meán Fómhair 2025, d'eisigh an Coimisiún dhá chinneadh, ar bhonn Airteagal 11(3) den Rialachán um Chumaisc, chuig gach Páirtí lena gcuirtear ar fionraí an teorainn ama dá dtagraítear in Airteagal 10(3) den Rialachán um Chumaisc ón 2 Meán Fómhair 2025. Cuireadh tús arís leis an teorainn ama an 20 Deireadh Fómhair 2025.

5. An 24 Samhain 2025, d'eisigh an Coimisiún ráiteas agóidí inar thángthas ar an gconclúid ar bhonn tosaigh go gcuirfeadh an t-idirbheart atá beartaithe bac mór ar iomaíocht éifeachtach i gcuid shubstaintiúil den mhargadh inmheánach.

6. An 8 Nollaig 2025, chuir an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige barúlacha i scríbhinn isteach mar fhreagairt ar an ráiteas agóidí. Níor iarr siad Éisteacht ó Bhéal.

7. Tugadh rochtain ar an gcomhad den chéad uair an 24 Samhain 2025 i ndáil le heisiúint an ráitis agóidí. Tugadh rochtain ar an gcomhad ina dhiaidh sin an 25 Samhain 2025, an 19 Nollaig 2025, an 23 Nollaig 2025, an 30 Eanáir 2026 agus an 4 Feabhra 2026. Ní bhfuair mé aon ghearán ná aon iarraidh maidir le rochtain ar an gcomhad.

8. Le linn na n-imeachtaí, ghlac mé le beirt tríú daoine leasmhara de bhun Airteagal 5 de Chinneadh 2011/695/AE. Chuir Ard-Stiúrthóireacht um Iomaíocht na tríú daoine leasmhara ar an eolas faoi chineál agus ábhar an nós imeachta, i gcomhréir le hAirteagal 16(1) den Rialachán Cur Chun Feidhme um Chumaisc [3], trí leagan neamhrúnda den ráiteas agóidí a thabhairt dóibh. D'imigh an tríú hiarratas ar chead isteach mar thríú duine leasmhar as feidhm tar éis malartuithe le foireann an Oifigigh Éisteachta, lenar soiléiríodh an cuspóir a bhí á shaothrú leis an iarratas agus atreoraíodh an t-iarratasóir chuig pointí teagmhála ábhartha.

9. An 11 Nollaig 2025, chuir na Páirtithe an chéad tacar gealltanas isteach d'fhonn an comhchruinniú a dhéanamh comhoiriúnach don mhargadh inmheánach de bhun Airteagal 8(2) den Rialachán um Chumaisc (na 'Gealltanais Tosaigh'). Sheol an Coimisiún tástáil mhargaidh ar na Gealltanais Tosaigh sin an 12 Nollaig 2025.

([1]) De bhun Airteagail 16 agus 17 de Chinneadh 2011/695/AE ó Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh an 13 Deireadh Fómhair 2011 maidir le feidhm agus téarmaí tagartha an oifigigh éisteachta in imeachtaí iomaíochta áirithe (IO L 275, 20.10.2011, lch. 29) ('Cinneadh 2011/695/AE').

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle an 20 Eanáir 2004 maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais (IO L 24, 29.1.2004, lch. 1) (an 'Rialachán um Chumaisc').

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/914 ón gCoimisiún an 20 Aibreán 2023 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 802/2004 ón gCoimisiún (IO L 119, 5.5.2023, lch. 22) (an 'Rialachán Cur Chun Feidhme um Chumaisc).

10. Thug an Coimisiún aiseolas mionsonraithe do na Páirtithe maidir le toradh na tástála margaidh an 22 Nollaig 2025.

11. An 15 Eanáir 2026, chuir na Páirtithe sraith athbhreithnithe dheiridh gealltanas isteach (na 'Gealltanais Deiridh').

12. Leis an dréachtchinneadh, dearbhaítear go bhfuil an t-idirbheart atá beartaithe comhoiriúnach don mhargadh inmheánach agus do Chomhaontú LEE, faoi réir chomhlíonadh na nGealltanas Deiridh.

13. Rinne mé athbhreithniú ar an dréachtchinneadh de bhun Airteagal 16(1) de Chinneadh 2011/695/AE agus is é an chonclúid ar ar tháinig mé nach ndéileáiltear ann ach le hagóidí ar tugadh an deis do na Páirtithe a gcuid tuairimí a chur in iúl ina leith.

14. Ar an iomlán, measaim gur urramaíodh feidhmiú éifeachtach chearta nós imeachta na bPáirtithe.

An Bhruiséil, an 5 Feabhra 2026

Dorothe DALHEIMER